Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12752/25**

**POSTES 5**
**UD 219**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 506 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 28ú Comhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 506 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 506 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2025
COM(2025) 506 final

2025/0284 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 28ú Comhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais sa 28ú Comhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann (dá ngairtear UPU anseo feasta) i ndáil le tuarascáil ó Chomhairle Riaracháin UPU a thabharfaidh an Chomhdháil dá haire agus i ndáil le hIarscríbhinn I a ghabhann léi ina bhfuil léiriú ina meastar go bhfuil Gníomh de chuid an Aontais ar neamhréir le rialacha UPU chomh maith le tograí a bhaineann le slándáil agus le custaim a cuireadh faoi bhráid na Comhdhála (tograí 9 agus 15). Baineann na tograí sin freisin le hobair bhreise chomhlachtaí UPU (an Chomhairle Riaracháin, an Chomhairle Oibríochtaí Poist) i dtimthriall Dubai agus le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Ghníomhartha dlí de chuid UPU (Bunreacht, Coinbhinsiún) a bheidh le moladh ag an 29ú Comhdháil Phoist Uilechoiteann in 2029.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An tAontas Poist Uilechoiteann

Tá sé d'aidhm ag Coinbhinsiún an Aontais Phoist Uilechoitinn (dá ngairtear Coinbhinsiún UPU anseo feasta) malartuithe poist idirnáisiúnta a rialáil agus na nósanna imeachta agus na muirir ábhartha a chaighdeánú agus a éascú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm in 1874 agus bunaíodh an tAontas Poist Uilechoiteann leis. In 1948, rinneadh sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe de UPU. Is é an tAontas Poist Uilechoiteann an comhlacht ionadaíoch domhanda a chomhordaíonn beartais phoist i measc tíortha ar baill iad agus a éascaíonn córas poist aonfhoirmeach ar fud an domhain.

Cé nach Ball de UPU é an tAontas Eorpach, is baill iad gach Ballstát den Aontas Eorpach. Mar sin féin, comhaontaíodh seasamh an Aontais Eorpaigh (agus an Coimisiún Eorpach ag déanamh ionadaíocht air) mar bhreathnóir foirmiúil ag Comhdháil 2012 in Doha[1].

### 2.2. Comhdháil UPU

Is í Comhdháil UPU ardúdarás an Aontais Phoist agus tá sí comhdhéanta d'ionadaithe lánchumhachtacha as na tíortha ar baill di iad. Tagann sí le chéile, i bprionsabal, gach 4 bliana. Tá ag an gComhdháil na cumhachtaí uile a thagann faoi raon feidhme UPU, ar cumhachtaí iad nach bhfuil curtha de chúram comhlacht eile go sainráite le Gníomhartha de chuid an Aontais. Áirítear orthu sin an chumhacht Bunreacht UPU, an Coinbhinsiún Poist Uilechoiteann agus na Comhaontuithe Speisialta a leasú. Is féidir leis an gComhdháil rúin, cinntí, moltaí agus tuairimí foirmiúla a ghlacadh freisin, arb iad le chéile Cinntí na Comhdhála.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhdháil UPU

Ag an 28ú Comhdháil de UPU, tá sé beartaithe an tuarascáil a d'ullmhaigh Comhairle Riaracháin UPU a thabhairt dá haire agus formheas a thabhairt do thogra de chineál ginearálta a bhaineann leis an obair bhreise chun an beartas custaim agus an creat rialála a fhorbairt (togra 9). Thairis sin, tá togra eile (togra 15) curtha síos ag Stáit Aontaithe Mheiriceá ina bhfuil gnéithe a bhaineann le slándáil iompair agus le custaim. Déanfar obair bhreise chomhlachtaí UPU bunaithe ar na tograí sin i dtimthriall Dubai agus b'fhéidir go molfaí modhnuithe a dhéanamh ar na Gníomhartha (Bunreacht, Coinbhinsiún) ag an 29ú Comhdháil Phoist Uilechoiteann in 2029.

---

[1] Doiciméad 9341/12 ón gComhairle an 8 Bealtaine 2012; Rún C 78 den Chomhdháil Phoist Uilechoiteann (Doha 2012).

Is é is cuspóir do thogra 9 aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir tíortha áirithe ar baill iad de UPU in iúl trí rúnaíocht UPU faoin gcontrárthacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir Cód Custaim an Aontais[2] agus Gníomhartha UPU maidir leis na forálacha lena rialaítear malartú agus bailiú na réamhshonraí leictreonacha i.e. i gcomhthéacs an Aontais i ndáil leis na forálacha maidir le dearbhuithe iontrála achomair.

Féachann na Ballstáit sin le hidirdhealú dlíthiúil a dhéanamh idir 'idirthuras/trasloingsiú' ar thaobh amháin agus 'allmhairiú' (i.e. earraí a bhfuil a gceann scríbe deiridh san Aontas) ar an taobh eile, rud a thabharfadh le tuiscint nach bhfuil Cód Custaim an Aontais agus a cheanglais maidir le Réamhshonraí Leictreonacha arna thacú ag Córas Rialaithe Allmhairí 2 (CRA2) 'bailí de réir dlí/infheidhme' ach amháin le haghaidh allmhairiú. D'áitigh na baill sin go meastar, dá bhrí sin, go ndéantar prionsabal na 'Saoirse Idirthurais' mar a chumhdaítear in Airteagal 1 de Bhunreacht UPU á sárú de bhua cheanglais dhlíthiúla Chód Custaim an Aontais le haghaidh dearbhú iontrála achomair a chur isteach in CRA2, go sonrach Airteagal 113(a)(2) agus (4) de Ghníomh Tarmligthe Chód Custaim an Aontais[3].

Ag an 4ú Comhdháil Urghnách de UPU a tionóladh in Riyadh in 2023, ag éirí as plé a rinneadh ar na dúshláin a chruthaíonn ceanglais chórais rialála na réamhshonraí leictreonacha d'oibreoirí ainmnithe UPU, bunaíodh tascfhórsa chun anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna dlíthiúla, oibríochtúla, rialála agus teicniúla a bhaineann le ceanglais chustaim agus slándála atá ag teacht chun cinn i ndáil leis na réamhshonraí leictreonacha, ag díriú go háirithe ar bhearta an Aontais Eorpaigh faoi CRA2.

Fuair an tascfhórsa cúnamh ó chomhairleoir dlí Bhiúró Idirnáisiúnta UPU, a rinne a mheasúnú dlíthiúil féin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta an Aontais ar bhunphrionsabail críche poist aonair agus saoirse idirthurais faoi Ghníomhartha UPU (go háirithe prionsabail an neamh-idirdhealaithe idir míreanna intíre agus míreanna idirnáisiúnta) agus ar a gcomhsheasmhacht ina leith.

Lena mheasúnú dlíthiúil, tugann comhairleoir dlí Bhiúró Idirnáisiúnta UPU a thuairim go bhfuil ceanglais maidir le réamhshonraí leictreonacha an Aontais (i bhfoirm dearbhú iontrála achomair), go háirithe iad siúd a bhaineann le hearraí nach bhfuil sé i gceist iad a allmhairiú riamh, ach a bhogadh tríd an Aontas, ag teacht salach ar na bunphrionsabail sin. Is é an argóint a cuireadh chun cinn go ndéantar idirdhealú i bhforálacha Chód Custaim an Aontais ar an gcaoi a gcaitear le míreanna poist idirnáisiúnta i gcomparáid leis na míreanna intíre i gcomhthéacs na 'gluaiseachtaí idirthurais' sin, trína iarraidh ar oibreoirí poist i dtríú tíortha dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh le haghaidh pacáistí a sheoltar tríd an Aontas, fad a thugtar díolúine ón oibleagáid sin do phacáistí a sheolann oibreoir poist san Aontas chuig Ballstát eile, chuig an Iorua nó chuig an Eilvéis.

Baineann Togra 15, arna chuir isteach ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, le tús a chur leis an obair chun feabhas a chur ar chur chun feidhme, chun na caighdeáin agus na prótacail laistigh de UPU a bhaineann le hearraí contúirteacha agus toirmiscthe a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta chun sábháilteacht agus slándáil iompair a fheabhsú chomh maith le dul i ngleic le húsáid sreafaí poist idirnáisiúnta chun míreanna contúirteacha agus míreanna toirmiscthe a iompar.

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tagann ábhar na dtograí atá le cur i láthair ag an gComhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann (UPU) atá ar na bacáin go daingean faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Cuireann na Ballstáit uile an taraif chustaim chéanna agus na rialacha custaim céanna i bhfeidhm. Le reachtaíocht chustaim an Aontais (Cód Custaim an Aontais) bunaítear bearta tábhachtacha slándála custaim arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh riaracháin chustaim in ann aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chónaitheoirí nó do shlabhraí soláthair iompair sula dtiocfaidh na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Tacaíonn CRA2 agus na réamhshonraí leictreonacha nua leis sin, ar sonraí iad nach mór do na hoibreoirí trádála, lena n-áirítear oibreoirí poist, a sholáthar d'údaráis chustaim trí CRA2. Dá bhrí sin, is gá seasamh aonair amháin a bhunú maidir leis an tuarascáil a d'ullmhaigh Biúró Idirnáisiúnta UPU lena dtarraingítear amhras ar chomhoiriúnacht bhearta an Aontais maidir le Coinbhinsiún UPU.

Tá na bearta sin comhsheasmhach leis na rialacha agus na caighdeáin idirnáisiúnta a forbraíodh faoin Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, faoin Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus faoi chreataí UPU.

Ba é seasamh comhsheasmhach an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát nach sáraíonn forálacha Chód Custaim an Aontais maidir le dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh chun anailís riosca réamh-mheasta a dhéanamh chun críoch sábháilteachta agus slándála i gcás idirthurais/trasloingsithe prionsabal na 'saoirse idirthurais' mar a chumhdaítear in Airteagal 1 de UPU. Ós rud é go bhfuil coinsíneachtaí poist faoi Choinbhinsiún UPU ar idirthuras i gcríoch chustaim an Aontais agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad faoi réir maoirseacht custaim agus go bhféadfaidís a bheith faoi réir rialuithe custaim, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil siad 'saor' chun idirthuras a dhéanamh.

Thairis sin, ní chiallaíonn 'saoirse idirthurais' faoi Ghníomhartha UPU nach bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le maoirseacht custaim ná rialú custaim maidir leis an ngluaiseacht earraí sin. Ní sholáthraítear le Cód Custaim an Aontais aon díolúine ó rialuithe custaim agus ó mhaoirseacht chustaim (sainmhínithe faoi seach in Airteagal 5(3) agus (27) de Chód Custaim an Aontais), ar nithe iad sin nach mór a dhéanamh chun comhlíonadh na reachtaíochta custaim agus na reachtaíochta eile lena rialaítear gach cineál gluaiseachta earraí a áirithiú.

Thairis sin, ní dearbhphrionsabal é 'saoirse idirthurais'. Le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún UPU, forchuirtear ar na tíortha ar Baill iad agus ar a n-oibreoirí ainmnithe straitéis slándála réamhghníomhach a ghlacadh agus a chur chun feidhme ar gach leibhéal d'oibríochtaí poist chun iompar agus idirthuras sábháilte agus slán poist a choinneáil ar bun eatarthu. Dá bhrí sin, ní eisiatar idirthuras faoi Choinbhinsiún UPU nuair atá bearta slándála á gcur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist leis sin, óna bpeirspictíocht féin, muinín an phobail i gcoitinne as na seirbhísí poist a sholáthraíonn oibreoirí ainmnithe a choinneáil ar bun agus a fheabhsú. Ina theannta sin, níl aon fhianaise ann gur tuigeadh riamh in UPU go gcuireann 'saoirse idirthurais' nó 'críoch poist aonair' teorainn 'go sainráite' (Airteagal 23) le ceart ceannasach na dtíortha ar baill iad reachtaíocht a thabhairt isteach maidir le rialuithe iomchuí custaim agus slándála le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí poist.

Ar deireadh, ní dhéantar aon idirdhealú idir oibreoirí poist tríú tír agus oibreoirí poist an Aontais. Cé nach bhfuil an tAontas Eorpach ina bhall de UPU, is réaltacht bhunúsach é a chomhbheartas custaim a nglacann gach páirtí UPU leis san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim nó sa chaidreamh déthaobhach trádála. Tugann Margadh Inmheánach agus Aontas Custaim an Aontais le tuiscint gur cuireadh deireadh le rialacháin agus le ceanglais ghaolmhara a cuireadh i bhfeidhm roimhe sin idir a Bhallstáit ar an mbonn gur tugadh isteach ceanglais choiteanna is infheidhme ag teorainn sheachtrach an

Aontais Eorpaigh. Tá feidhm ag na ceanglais maidir le réamhshonraí leictreonacha, ar ceanglais iad a fhorchuirtear le cur chun feidhme chóras CRA2 le Cód Custaim an Aontais, chun sábháilteacht agus slándáil a chosaint maidir le gach earra atá ag teacht isteach gan eisceacht. Is ceanglas é sin a bhunaítear le dlí an Aontais, agus ní mór é a chomhlíonadh gan eisceacht. Tá údar leis an idirdhealú a dhéantar idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus tríú tíortha mar gheall ar na rialuithe comhchuibhithe arna mbunú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, níl Ballstáit den Aontais ná tríú tíortha sa staid rialála chéanna.

Is díol sásaimh é an tionscnamh feabhas a chur ar chaighdeáin agus ar phrótacail UPU a bhaineann le soláthar réamhshonraí leictreonacha chun críoch sábháilteachta agus slándála.

Ós rud é nach bhfuil an tAontas ina bhall de UPU ina cheart féin agus gurb iad na Ballstáit den Aontais a bhfuil ballraíocht acu in UPU, tá oibleagáid ar na Ballstáit gníomhú go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Tá sé beartaithe leis an gCinneadh seo ón gComhairle go mbeidh seasamh comhordaithe ag na Ballstáit chun a dhearbhú go bhfuil bearta slándála custaim an Aontais faoi Chód Custaim an Aontais comhoiriúnach le gníomhartha UPU, agus lena mbunphrionsabail, agus go dtacóidh an tAontas agus a Bhallstáit leis an obair leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna praiticiúla agus oibríochtúla a bhaineann le ceanglais maidir le réamhshonraí leictreonacha, agus a áirithiú an tráth céanna go gcloífear le ceanglais dearbhuithe iontrála achomair an Aontais.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[4].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhdháil UPU arna bhunú le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún UPU.

Is éard atá sa tuarascáil a iarrtar ar Chomhdháil UPU a fhormheas gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis, ós rud é go bhfuil léirmhínithe dlíthiúla sa ghníomh atá beartaithe ar dá réir go bhfuil reachtaíocht áirithe de chuid an Aontais a glacadh faoi Chód Custaim an Aontais ar

---

4 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

5 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

neamhréir le Coinbhinsiún UPU. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh glacadh tuarascála den sórt sin tionchar cinntitheach a imirt ar reachtaíocht an Aontais.

Leis na ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Saothraítear cuspóirí leis an ngníomh atá beartaithe agus tá eilimintí ann a thagann faoi réimse an chomhair custaim faoi chuimsiú an Aontais custaim, an chomhbheartais tráchtála agus an mhargaidh inmheánaigh. Tá dlúthnasc doscartha idir na heilimintí sin den ghníomh atá beartaithe agus níl aon cheann díobh teagmhasach le hais ceann eile.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 33 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3 Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 33 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0284 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 28ú Comhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33, 114 agus 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún UPU (‘an Comhaontú’) i bhfeidhm in 1874. Ní ball de UPU é an tAontas Eorpach, ach is baill iad gach Ballstát den Aontas Eorpach de.

(2) Trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (an Cód) in éineacht le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún, áirithíonn an tAontas slándáil agus sábháilteacht ag a theorainneacha seachtracha trína cheangal go gcuirfear isteach sonraí leictreonacha áirithe maidir leis na hearraí uile a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear earraí i gcoinsíneachtaí poist (réamhshonraí leictreonacha). Tá údar leis an gceanglas sin chun an bhagairt a d’fhéadfadh a bheith ann do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chónaitheoirí, do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí a mhaolú.

(3) De bhun Airteagail 10(3), 13, 14(2), 16, 18 agus 19(2) de Rialacha Nós Imeachta UPU le haghaidh na Comhdhála, féadfaidh UPU na tograí a cuireadh isteach a thabhairt dá aire agus a fhormheas, go sonrach sa chás seo i gCoiste 3 de Chomhdháil UPU.

(4) Iarrtar ar an 28ú Comhdháil de UPU tuarascáil ina bhfuil tuairim dhlíthiúil arna scríobh ag comhalta de Rúnaíocht UPU a thabhairt dá haire, ina dtarraingítear amhras ar chomhoiriúnacht chreat reachtach an Aontais maidir le réamhshonraí leictreonacha le prionsabail áirithe a chumhdaítear i mbunreacht UPU chomh maith le cineál dlíthiúil an Aontais custaim atá bunaithe go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, iarrtar ar an 28ú Comhdháil de UPU rún a fhormheas i bhfoirm togra le haghaidh treoraíocht ghinearálta (Togra 9) arb é is rún dó an tuarascáil agus an tuairim dhlíthiúil sin a úsáid mar bhonn chun leanúint den obair maidir le saincheisteanna rialála custaim a athbhreithniú.

(5) Tá an 28ú Comhdháil de UPU le scrúdú a dhéanamh freisin ar thogra a chuir Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach chun obair Thimthriall Beartais UPU agus na meithleacha agus na coistí gaolmhara a threorú i dtreo fheabhsú agus leathnú chaighdeáin, threoraíocht agus chur chun feidhme UPU a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil iompair agus le hearraí contúirteacha agus toirmiscthe a chomhrac sa phost idirnáisiúnta.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 28ú Comhdháil de UPU a bhunú, chun cearta agus leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chaomhnú.

(7) Ba cheart a áirithiú, dá bhrí sin, go nglacfaidh na Ballstáit seasamh comhordaithe chun tacú go gníomhach le comhoiriúnacht chreat reachtach an Aontais maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus slándála le haghaidh earraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais le Bunreacht agus Gníomhartha UPU.

(8) Ós rud é nach Ball de UPU é an tAontas Eorpach, tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit den Aontas ar baill iad de Chomhdháil UPU, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa 28ú Comhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann, leagtar amach é san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo

*Airteagal 2*

Cuirfidh na Ballstáit den Aontas ar baill iad de Chomhdháil UPU, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

**An seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 28ú Comhdháil den Aontas Poist Uilechoiteann maidir le ceanglais chustaim le haghaidh réamhfhaisnéis leictreonach.**

**<u>Comhdháil-Doic 42</u>**

**Mír 1 ar an gclár oibre: Iarrtar ar an gComhdháil an tuarascáil a thabhairt dá haire (tuarascáil §§ 1 go 20 agus Iarscríbhinní 1 agus 2)**

Is é seasamh an Aontais maidir leis an bpointe sin sa chlár oibre vótáil i gcoinne an tuarascáil a thabhairt dá haire.

Ar an dóigh sin, easaontóidh siad leis an measúnú a rinne an comhairleoir dlí maidir le comhoiriúnacht fhorálacha reachtacha an Aontais maidir le réamhshonraí leictreonacha a chur isteach.

Ba cheart do na Ballstáit é a chur i dtábhacht go bhfuil ceanglais slándála custaim an Aontais comhsheasmhach go hiomlán le gníomhartha UPU agus lena bhunphrionsabail.

Ba cheart do na Ballstáit sainiúlachtaí mhargadh inmheánach an Aontais a chur i dtábhacht agus a mhionshonrú gur cuireadh deireadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha laistigh den Aontas agus gur cheart caitheamh leis an Aontas, ó thaobh poist de agus ó thaobh custaim agus slándála de, mar eintiteas aonair. Ba cheart a chur i dtábhacht freisin gur chomhaontaigh Ríocht na hIorua agus Cónaidhm na hEilvéise na bearta slándála agus sábháilteachta céanna atá i bhfeidhm san Aontas a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear a bheith mar chuid de CRA2, agus dá bhrí sin go bhfuil trádáil idir na tíortha sin agus an tAontas díolmhaithe ón gceanglas dearbhuithe iontrála achomair agus dearbhuithe imeachta achomair a thaisceadh.

Ba cheart do na Ballstáit a thabhairt faoi deara nach oibleagáidí iomlána agus neamhcháilithe iad prionsabail UPU maidir le críoch poist aonair agus saoirse idirthurais, a sháródh aon chuspóir beartais phoiblí eile, lena n-áirítear sábháilteacht agus slándáil.

**Mír 2 ar an gclár oibre: Iarrtar ar an gComhdháil formheas a dhéanamh ar an togra de chineál ginearálta a bhaineann leis an obair bhreise chun an beartas custaim agus an creat rialála a fhorbairt (togra 9 den Tuarascáil):**

Is é an seasamh a bheidh ag an Aontas leanúint de thiomantas a léiriú do thacaíocht ghníomhach a thabhairt don obair le linn an chéad timthrialla beartais eile agus a dhearbhú go bhfuil sé réidh chun dul i ngleic le saincheisteanna praiticiúla agus oibríochtúla cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le próisis CRA2 a bhfuil tionchar acu ar oibreoirí poist tríú tíortha, agus leanúint de cheanglais an Aontais a urramú agus a chosaint go hiomlán an tráth céanna.

Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá n-agóid a chur in iúl maidir le cuimsiú mheasúnú dlíthiúil an bhaill de rúnaíocht UPU i dTogra 9, ar measúnú é a bhfuil díospóid ag an Aontas agus ag a Bhallstáit faoi ós rud é go n-aicmítear ceanglais réamhshonraí leictreonacha an Aontais ann mar cheanglais atá contrártha le Bunreacht UPU agus lena ghníomhartha dlí, ar aicmiú é sin atá go hiomlán míchruinn. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit, ag an 28ú Comhdháil de UPU, an treoir atá faoi dhíospóid a leasú d'fhonn an tagairt don mheasúnú dlíthiúil sin mar bhonn le haghaidh athbhreithniú breise ar shaincheisteanna rialála an chustaim a bhaint.

I gcás ina nglacfaí Togra 9 gan athrú iomchuí a dhéanamh ar an mír atá faoi dhíospóid, ba cheart do na Ballstáit a n-easaontas a chur in iúl i scríbhinn do Chomhdháil UPU, do Bhiúró Idirnáisiúnta UPU agus do Chomhairle Riaracháin UPU.

**An seasamh atá le glacadh i ndáil le Togra 15 a chuir Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach**

Ba cheart do na Ballstáit an togra a chuir Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach a thabhairt dá n-aire agus a dtacaíocht do na prionsabail ghinearálta atá sa togra a chur in iúl.

Ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl go bhfuil siad toilteanach plé a dhéanamh ar na sruthanna oibre sonracha a mhol Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcomhthéacs sábháilteacht agus slándáil earraí laistigh den phost idirnáisiúnta a áirithiú, gan nós imeachta iontrála róthrom a chruthú ná aon oibleagáid a fhorchur ar oibreoirí poist ainmnithe de bhreis ar na hoibleagáidí a chuirtear i bhfeidhm ar pháirtithe leasmhara eile sa slabhra soláthair.